**Éist le Gearóid ag cur síos ar an Nollaig. (Transcript)**

Gearóid : Is mise Gearóid agus tá an Nollaig ag druidim linn. Bíonn an-dúil agam sa Nollaig gach bliain. Sílim go bhfuil an Nollaig speisialta mar bíonn an teaghlach uilig le chéile.

Díreach roimh an Nollaig, bíonn gach duine sa teaghlach iontach gnóthach ag ullmhú don lá mór. Bíonn post ag gach duine sa teaghlach. Caithfidh mé an teach a ghlanadh ó bhun go barr – is fuath liom an post sin!

Cuidíonn mo dheirfiúr, Lisa, le mo mhamaí sa chistin agus ullmhaíonn siad an bia ar fad. Téann mo dheartháir, Éamonn, amach le m'athair agus ceannaíonn siad cártaí Nollag agus bronntanais do mo ghaolta.

An oíche sin, téann muid uilig a luí go luath ach bíonn sé doiligh dul a chodladh. Lá Nollag, éiríonn mo dheirfiúr, Gráinne, go luath.

De ghnáth, faigheann sí a lán bréagán. Faighim féin éadaí nua nó cluichí ríomhaire de ghnáth.

An tráthnóna sin, itheann muid dinnéar na Nollag le chéile agus ina dhiaidh sin, tagann ár ngaolta ar cuairt.

**Éist le Gearóid ag cur síos ar an Nollaig. (Translation)**

Gearóid : I am Gearóid and Christmas is approaching. I really like Christmas every year. I think Christmas is special because the whole family are together.

Before Christmas, everyone in the Family is very busy preparing for the big day. Everyone in the family has a job. I have to clean the house from top to bottom – I hate that job!

My sister Lisa helps my mum in the kitchen and she prepares all of the food.

My brother Éamonn goes out with my father and they buy the presents and the Christmas cards for my relatives.

That night, we all go to bed early, but it's hard to sleep. On Christmas morning, my sister, Gráinne gets up early. She gets a lot of toys usually. I get clothes or computer games usually.

That afternoon, we eat our Christmas dinner and after that our relatives come to visit.